

## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA AN BRAINSE BUNOIDEACHAIS

### CHUIG: BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS AN FHOIREANN TEAGAISC AR FAD I MBUNSCOILEANNA

## ROLLÚ BAILÍ A CHINNEADH I MBUNSCOILEANNA

### 1. Réamhrá

- 1.1 Is é cuspóir an chiorcláin seo ná an polasaí maidir le rollú bailí a shoiléiriú agus béim a chur ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go léiríonn tuairisceáin rolluithe bailí go cruinn.

### 2. Cúlra

- 2.1 Cinntear líon foirne scoile do bhliain ar leith (ach cásanna lena mbaineann critéir scoile atá i mbéal forbartha mar eisceacht) trí thagairt don líon daltaí a bhíonn ar an rolla an 30<sup>ú</sup> Meán Fómhair an bhliain roimhe sin. Cinneann an rollú ar an dáta sin chomh maith an leibhéal deontas caipitlíochta is iníochta leis an scoil. Tá sé ríthábhachtach, lena chinntiú go ndéantar leithdháileadh ceart ar acmhainní atá maoinithe go poiblí agus chun acmhainniú cothrom scoileanna a éascú go gcuirtear tuairisceáin chruinne de rolluithe bailí ar aghaidh chuig an Roinn.
- 2.2 Léirigh anailís ar shampla de na tuairisceáin don scoilbhliain 2001/2002 gurbh ann do chion de na tuairisceáin nár léirigh rolluithe bailí go cruinn. Táthar ag súil go gcabhróidh an ciorclán seo le scoileanna a chinntiú go mbíonn na tuairisceáin a dhéantar cruinn.

### 3. An Polasaí Reatha maidir le Rollú Bailí

- 3.1 Ní cheadaítear do leanbh a bheith ag freastal ar bhunscoil, nó a bheith ar an rolla, roimh an gceathrú cothrom lae a b(h)reithe. Ba chóir cóip de theastas breithe an linbh a fháil agus a choimeád i dtaifid na scoile. Ba chóir PPSN an linbh a fháil chomh maith ag am an rollaithe.
- 3.2 Ní féidir leanbh a rollú ach in aon scoil amháin an 30<sup>ú</sup> Meán Fómhair. Bítear ag súil go leanfaidh leanaí a chuirtear ar an rolla i scoil de bheith ar rolla na scoile sin ar feadh tréimhse na scoilbhliana. Bíonn eisceachtaí ann don pholasaí seo, áfach, nuair a bhíonn ar leanaí an scoil a fhágáil ar bhonn buan mar gheall ar athlonnú an teaghlaigh, sa chás go n-aistrítear leanbh chuig scoil speisialta, nó imthosca eisceachtúla eile. **Leagtar béim ar an gcás,**

***áfach, chun críocha foirnithe agus caipitlíochta, nach féidir dalta a áireamh ach i rollú aon scoile amháin in aon scoilbhliain amháin.***

- 3.3 Ba chóir go mbeadh aistriú daltaí ó scoil amháin go scoil eile ar chúiseanna bailí mar a léirítear faoi 3.2 thuas. Má chinntear, ar imscrúdú a dhéanamh, go n-éascaítear aistriú dalta chun post teagaisc breise a chruthú nó a choimeád, cuirfear an post sin faoi chois.
- 3.4 Tá curaclam na mBunscoileanna leagtha amach mar chlár ocht mbliana, lena n-áirítear sraith naíonán dhá bhliain agus sé bliana i gcaighdeán ón gcéad go dtí an séú ina dhiaidh, le leanaí ag dul ar aghaidh go dtí an chéad ghrád eile ag deireadh gach scoilbhliana. Tá an curaclam bunoidreachais solúbtha agus leanbháirneithe, agus is féidir é a chur in oiriúint do riachtanais foghlama leanaí.

Caithfear cloí go dian le téarmaí Chiorclán 11/01 maidir le coimeád daltaí agus ní áireofar aon dalta a cuireadh ar an rolla contrártha do théarmaí an Chiorcláin sin i gcinneadh rollú bailí.

**4. Cinneadh Rollú Bailí sa chás go sáraítear Téarmaí an Chiorcláin seo.**

- 4.1 Ba chóir do Bhoird Bainistíochta agus do Phríomhoidí a chinntiú go gcomhlíontar téarmaí an chiorcláin seo. Cuirfidh an Roinn bearta feabhsaithe ar bun chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na dtuairisceán agus ar an gcaoi sin lánpháirtiú an phróisis leithdháileadh acmhainní agus déileáil chothrom na scoileanna a neartú.

Tuigfidh Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí an oibleagáid atá ar an Roinn a chinntiú go mbíonn acmhainní a mhaoinítear go poiblí leithdháilte i gceart. Dá réir sin, féachfar ar shárúithe fhorálacha an chiorcláin seo mar nithe tromchúiseacha.

**5. Pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh sa chás go sáraítear Téarmaí an Chiorcláin seo.**

- 5.1 Sa chás gur fhalsaigh oide, príomhoide nó bord bainistíocht rollú ar an 30ú Meán Fómhair, nó go raibh lámh acu i bhfallsú rollú, glacfar gníomh de réir théarmaí Rial 108 de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta. Ba chóir cóipeanna den Chiorclán seo a thabhairt do gach comhalta de Bhord Bainistíochta na scoile agus ba chóir é a choimeád le tagairt a dhéanamh dó amach anseo.

**Is féidir teacht ar an gchiorclán seo freisin ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag [www.education.ie](http://www.education.ie)**